II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2019/1817 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Meán Fómhair 2019

## maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ostair, don Iodáil agus don Rómáin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadach agus bainistíocht fhónta airgeadais ([2]), agus go háirithe pointe 11 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Tá sé d'aidhm ag Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ciste") a chur ar chumas an Aontais freagairt thapa, éifeachtúil agus sholúbtha a thabhairt ar staideanna éigeandála chun dlúthpháirtíocht a léiriú le muintir na réigiún a bheadh thíos le tubaistí nádúrtha iad a léiriú.

(2) Níl an Ciste le dul thar shuim uasta bhliantúil EUR 500 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 10 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ([3]).

(3) Ar an 7 Meán Fómhair 2018, chuir an Rómáin iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis do thuilte fairsinge eascairt as eachtraí adhaimsire.

(4) Ar an 20 Nollaig 2018, chuir an Iodáil iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis eachtraí adhaimsire.

(5) Ar an 14 Eanáir 2019, chuir an Ostair iarratas isteach chun an Ciste a shlógadh tar éis eachtraí adhaimsire.

(6) Comhlíonann na hiarratais ón Rómáin, ón Iodáil agus ón Ostair na coinníollacha i dtaca le ranníocaíocht airgeadais a thabhairt ón gCiste mar a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002.

(7) Ba cheart dá bhrí sin an Ciste a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don Rómáin, don Iodáil agus don Ostair.

(8) Chun an Ciste a shlógadh a thapúla is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó dháta a ghlactha,

([1]) IO L 311, 14.11.2002, lch. 3.
([2]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir le buiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2019, déanfar Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh sna bealaí a leanas faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe íocaíochtaí:

(a) cuirfear méid is ionann agus EUR 8 192 300 ar fáil don Rómáin;

(b) cuirfear méid is ionann agus EUR 277 204 595 ar fáil don Iodáil;

(c) cuirfear méid is ionann agus EUR 8 154 899 ar fáil don Ostair.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 18 Meán Fómhair 2019.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 18 Meán Fómhair 2019.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. TUPPURAINEN